CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

## PREASEISIÚINT Uimh. 115/24

**Lucsamburg, 29 Iúil 2024**

Breithiúnas na Cúirte i gCásanna Uamtha C-112/22 CU agus C-223/22 ND | (Cúnamh sóisialta – Idirdhealú indíreach)

# Cúnamh sóisialta: Ní féidir rochtain náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad ar bheart maidir le slándáil shóisialta, cúnamh sóisialta nó cosaint shóisialta a chur faoi réir an choinníll maidir le cónaí i mBallstát ar feadh thréimhse 10 mbliana ar a laghad

Ní féidir le Ballstát rochtain náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad ar bheart maidir le slándáil shóisialta, cúnamh sóisialta nó cosaint shóisialta a chur faoi réir an choinníll, atá infheidhme freisin do náisiúnaigh an Bhallstáit sin, maidir le cónaí sa Bhallstát lena mbaineann ar feadh thréimhse 10 mbliana ar a laghad, gan bhriseadh le 2 bhliain anuas. Cuirtear cosc freisin ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear do phionós coiriúil i gcás dearbhú bréagach maidir leis an gcoinníoll cónaithe neamhdhleathach sin.

Cuirtear cion coiriúil i leith beirt náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha san Iodáil iad. Líomhnaítear gur shínigh siad iarratais chun 'ioncam saoránachta' a fháil, eadhon leas sóisialta a bhfuil mar chuspóir aige íosmhéid maireachtála a chinntiú. Líomhnaítear gur dheimhnigh siad go bréagach gur chomhlíon siad na coinníollacha maidir le deonú an tsochair sin agus, go háirithe, an coinníoll cónaithe ar feadh 10 mbliana ar a laghad san Iodáil, gan bhriseadh le 2 bhliain anuas. Líomhnaítear go bhfuair siad go míchuí, ina leith sin, suim EUR 3 414,40 agus EUR 3 186,66 faoi seach. Fiafraíonn an Chúirt Dúiche, Napoli (an Iodáil) ar an gCúirt Bhreithiúnais an bhfuil an coinníoll cónaithe sin i gcomhréir leis an Treoir maidir le náisiúnaigh tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad [1].

Measann an Chúirt, ar dtús, **gurb ionann an coinníoll cónaithe atá i gceist agus idirdhealú indíreach in aghaidh náisiúnaigh tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad.** Fiú má tá an coinníoll sin infheidhme freisin do náisiúnaigh an Bhallstáit, baineann sé le neamhnáisiúnaigh den chuid is mó, lena n-áirítear go háirithe náisiúnaigh tríú tír.

Ina dhiadh sin, scrúdaíonn an Chúirt an féidir leis an difríocht atá ann idir an baint atá ag náisiúnaigh an Bhallstáit lena mbaineann leis an mBallstát sin, agus siúd atá ag náisiúnaigh tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad, bonn cirt a thabhairt don chóir éagsúil sin. Cinneann an Chúirt **go bhforáiltear leis an Treoir coinníoll maidir le cónaí dlíthiúil gan bhriseadh ar feadh 5 bliana ar chríoch Ballstáit** sula dtabharfar stádas cónaitheora fhadtéarmaigh do náisiúnach tríú tír. Mheas reachtas an Aontais **gur leor an tréimhse sin chun cóir chomhionann le náisiúnaigh an Bhallstáit sin a fháil**, go háirithe maidir le slándáil shóisialta, cúnamh sóisialta agus cosaint shóisialta. Dá bhrí sin, **ní féidir le Ballstát síneadh aontaobhach a chur leis an tréimhse chónaithe a cheanglaítear leis an Treoir** ionas go mbeadh an ceart chun cóir chomhionann le náisiúnaigh an Bhallstáit sin, maidir le rochtain ar bhearta den chineál sin, ag náisiúnach tríú tír ar cónaitheoir fadtéarmach é.

Ar deireadh, cuireann an Chúirt in iúl **go gcuirtear cosc freisin ar reachtaíocht an Bhallstáit lena mbaineann lena bhforáiltear do phionós coiriúil** i gcás dearbhú bréagach maidir le coinníoll cónaithe lena sáraítear dlí an Aontais.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, más iomchuí, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar 'Europe by Satellite' ✆ (+32) 2 2964106.

**Bígí nasctha!**

[1] Treoir 2003/109/CE ón gComhairle an 25 Samhain 2003 maidir le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad.